



**Conradh**  
na Gaeilge

## **Ráiteas Tosaigh**

ó

**Paula Melvin, Tánaiste Chonradh na Gaeilge**

agus

**Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge**

do

**Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta  
agus Phobal Labhartha na Gaeilge**

**04 Samhain 2020**

## 1. Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019

A Chathaoirligh, a Theachtaí Dála agus a Sheanadóirí, is mise Paula Melvin, Tánaiste Chonradh na Gaeilge, agus ar dtús ba mhaith liom ar son Chonradh na Gaeilge buíochas a ghabháil libh as an deis a thabhairt dúinn labhairt libh inniu faoi dhá rud ríthábhachtach, is iad sin:

- An Bille le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a láidriú; agus
- Maoiniú na Gaeilge agus na Gaeltachta

Ba mhaith liom a aithint chomh maith bhur dtacaíocht agus bhur ngealltanais san olltoghchán i mbliana le hAcht níos láidre a chinntiú, go háirithe le spriocbhliain de 2030 a chur leis an bhforáil earcaíochta do dhaoine inniúil ar an nGaeilge agus gur gealladh €20 milliún nó níos mó don Ghaeilge agus don Ghaeltacht.

Tá Aire Sinsearach, agus Aire Stáit, ann anois le freagracht don Ghaeilge agus don Ghaeltacht agus tá an Comhchoiste Dála seo ann le cuid de na daoine is eolaí agus is gníomhaí ar chúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta i dTithe an Oireachtais air. D'fheadfaí a rá go bhfuil muid in áit níos fearr ná riamh le gníomhú anois agus fíor-dhifir a dhéanamh i soláthar agus freastail ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Labhróidh Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí an Chonartha, anois maidir le Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019.

---

Go raibh maith agat Paula agus daoibhse ar fad as an deis a bheith libh inniu.

Tá deis dochreidte ann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a láidriú go suntasach agus Acht a fhreastalóidh ar bunchearta agus bunmhianta pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta a chur ar fáil. Ba mhaith liom béim faoi leith a chur ar an deis seo agus a rá libh gurbh é seo, in ár dtuairim, an deis is fearr a bheidh ann don chéad 20 bliain eile leis seo a dhéanamh. Níor chóir dúinn, mar sin, a bheith sásta glacadh le bille lag, nó bille gan uaimhian nó bille a bheidh mar chéim i dtreo cearta ach nach mbeidh na cearta sin ar fáil ar feadh 20 bliain eile.

Tá géarghá le muinín a spreagadh sa phobal. Is gá cinnteacht a thabhairt. Is gá forálacha a chur sa bhille nach bhfuil débhríoch agus nach féidir leis an státchóras neamhaird a dhéanamh orthu mar a tharla cheana. D'fheadfadh an Bille seo freastail ar na Gaeil i gceart don chéad uair ó a bunaíodh an Stáit ó dheas. Tá reachtaíocht sásúil breis is 100 bliain déanach ach, más mall is mithid a chairde, is féidir libh sin a chur i gceart anois. Anois an t-am agus agaibh fhéin agus ag na hAirí cuí atá an freagracht agus an dúshlán seo a chur i gcríoch go háirithe d'aosóg na Gaeltachta agus na Gaeilge fud fad na tíre.

Dar ndóigh, tá Conradh na Gaeilge sásta ár ról a imirt san obair seo. Táimid lánsásta ár saineolas agus ár moltaí, a bhailigh muid ón bpobal, a roinnt libh agus ná bíodh drogall oraibh teacht ag labhairt linn ag aon phointe den reachtaíocht ag dul tríd Tithe an Oireachtais agus sibh ag lorg aon eolas breise nó aon chomhairle.

Tá neart le déanamh leis an mBille a foilsíodh i 2019 a neartú ach is gá a rá go bhfuil creatlach sa Bhille reatha, a chuir Roinn na Gaeltachta le chéile le moltaí uainn, an Coimisinéir Teanga agus eile san áireamh. Titeann na moltaí breise atá againn faoi trí chatagóir:

1. Leasuithe atá ag teastáil ar na leasuithe a d'fhógair an Rialtas le déanaí, m.sh. an spriocdháta earcaíochta de 2030
2. Leasuithe ar fhorálacha sa bhille faoi mar a foilsíodh é i 2019, m.sh. an gá le spriocdháta a chur isteach go mbeidh gach seirbhís stáit ar fáil trí Ghaeilge do phobal na Gaeltachta
3. Forálacha nua atá ag teastáil sa bhille agus nár cuireadh san áireamh go fóill

Rachaidh mé tríd cuid de na moltaí atá againn i ngach catagóir anois agus tá eolas breise ar na cinn nach bhfuil an t-am agam labhairt fúthu sa chaint tosaigh iomlán a scaipeadh oraibh inné. Is féidir liom breis eolais nó aon cheist a fhreagairt ar aon cheann de na moltaí uainne nó eile atá agaibh ag an deireadh.

Midir le catagóir 1, bhíomar an-sásta gur glacadh leis an moladh a rinne an Conradh an chéad lá riamh go gcuirfear foráil sa Bhille go mbeidh earcaíocht de 20% do dhaoine inniúil ar an nGaeilge san earnáil phoiblí amach anseo. Lorgaíomar leasú san olltoghchán i mbliana le spriocbhliain de 2030 a chur leis an bhforáil sin le cinnteacht agus le spreagadh a thabhairt don phobal agus bhíomar sásta a fheiceáil gur sheas Fianna Fáil agus an Comhaontas Glas leis na gealltanais san olltoghchán leis sin a chur san áireamh sna leasuithe a d'fhógair siad le déanaí. Nílimid sásta, áfach, go mbeadh an fhéidearthacht ag an Aire líne síneadh a chur leis an dáta sin i 2028 má cheapann sé/sí nach féidir an sprioc do 2030 a bhaint amach. Níor chóir seo a fhágáil mar atá sé. Bheimis ag moladh, más gá aon mheicníocht athbheithnithe a bheith ann, gur fearr do dhuine neamhspleách, ar nós an Coimisinéara Teanga, moladh a chur le chéile bunaithe ar an

bhfianaise agus go rachadh aon mholadh chuig an Dáil le cinneadh a ghlacadh – bíodh sin le cloí leis an spriocdháta de 2030 nó leis an dáta a chur siar nó chun tosaigh.

Maidir le catagóir a 2, is é ceann de na leasuithe is mó, in ár dtuairim, gur gá a dhéanamh ar an mBille reatha ná gur chóir 18C. (3) a leasú le cinntiú go mbeidh gach seirbhís ar fáil trí mheán na Gaeilge a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta faoi 31 Nollaig 2030. Tá pobal na Gaeltachta ag fanacht breis is 100 bliain ar seirbhís agus freastail trí Ghaeilge ón Stát. Tá sé réasúnta agus cóir go dtabharfar spriocbhliain cinnte dóibh go mbeidh an freastail iomlán sin ar fáil dóibh trí Ghaeilge don chéad uair.

Tá neart leasuithe eile i gcatagóir a 2 atá tábhachtach, ar nós gur chóir:

- an téarmaíocht agus an fhoclaíocht a láidriú sa Bhille le cinntiú go mbeidh dualgas ar gach comhlacht poiblí glacadh le hainmneacha agus seoltaí as Gaeilge le sintí fada faoi bhliain faoi leith (agus táimid ag moladh 2025);
- go mbeidh gach foirm dátheangach leis an nGaeilge in aice leis an mBéarla i gcónaí, rud a bheadh oideachasúil agus spreagúil;
- go mbeidh gach ainm comhlacht stáit nua as Gaeilge amháin le spreagadh a thabhairt don teanga;
- gur chóir cathaoirleach neamhspleách a bheith ar an gCoiste Comhairligh agus ionadaíocht ón bpobal lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht air;
- gur chóir don Aire Sinsearach Gaeltachta nó don Taoiseach a bheith i gceannas ar an bPlean Náisiúnta a chur i bhfeidhm

Faoi dheireadh as catagóir a 3, ba mhaith liom roinnt de na heasnaimh a lua libh nach bhfuil sa Bhille go fóill.

Mar a dúirt mé cheana féin, seo í an deis is fearr don chéad 20 bliain eile le reachtaíocht sásúil a aontú agus creideann muid, mar sin, nár chóir go bhfanfaidh muid 20 bliain eile leis na rudaí seo a leanas a bheith curtha san áireamh:

- Ar nós Ombudsman na Leanaí agus an Coimisinéir Teanga sa Bhreatain Bheag, ba chóir go mbeadh an freagracht ar an gCoimisinéir Teanga le hiniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar aon bhille nó polasaí mór stáit nua le cinntiú go dtógfar an Ghaeilge agus an Ghaeltacht san áireamh go sásúil
- Ba chóir go dtiocfadh fochoinraitheoirí, a chuireann seirbhísí ar fáil do chomhlachtaí stáit, a fhreastalaíonn ar an bpobal san áireamh faoin mBille, m.sh. Dublin Bikes. D’fheadfadh seo a bheith ann go simplí, ag éirí as an reachtaíocht, dá mbeadh sé mar chritéir in aon chonradh mar seo a bhronnfar amach anseo
- Ba chóir go mbeadh impleachtaí ar neamhchomhlíonadh dualgais ón Acht, i. gur féidir dul chun na cúirteanna mura gcuireann comhlacht Stáit rialú ón gCoimisinéir Teanga i bhfeidhm agus tar éis a bhíonn imscrúdú maidir leis seo curtha ag an gCoimisinéir Teanga os comhair an Chomhchoiste cúí i dTithe an Oireachtais
- Ba chóir go dtiocfadh na bainc miondiola faoin Acht le cinntiú go gcuirfeadh seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil ar na haip agus ar an mbancáil ar líne os rud é go bhfuil ceadúnas ón Stát acu le bheith ag gníomhú sa Stáit

Níl anseo ach cuid de na moltaí atá againn agus mar a dúirt mé cheana tá na moltaí ar fad ar fáil sa chaint tosaigh iomlán a scaipeadh oraibh inné.

Ba mhaith liom críochnú maidir leis an mBille Teanga le tagairt do chúrsaí fógraíochta. Sílim go léiríonn sé na heasnaimh sa reachtaíocht reatha agus an fíric go gcaitear le pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta go rialta mar saoránaigh den dara ghrád. Le linn an phaindéim coróinvíris tá an tsoláthar agus tá an freastail a rinneadh ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) easnamhach agus thar a bheith míchothrom. Cé go bhfuil leagan Gaeilge ann den aip COVID, agus tharla sin mar gheall ar bhrú ón gConradh agus gníomh ón Roinn Gaeltachta, roinnt fógraí raidió áitiúil agus roinnt póstaer trí Ghaeilge níor chaitheadh go cothrom in aon chor le pobal labhartha na Gaeilge. Seo daoibh eolas maidir le fógraíocht as Gaeilge i gcomparáid le fógraíocht as Béarla:

Fógraíocht déanta ag an FSS maidir leis an gcoróinvíreas idir mhí an Mhárta agus mí Meán Fómhair 2020					
	Méad a caitheadh ar fhógraí i nGaeilge	Méad a caitheadh ar fhógraí i mBéarla	Méad a caitheadh ina iomlán	% a caitheadh ar fhógraíocht trí Ghaeilge	% a caitheadh ar fhógraíocht trí Bhéarla
Raidió	€5,600	€1,001,400	€1,007,000	0.56%	99.44%
Teilifís	€39,000	€1,355,000	€1,394,000	2.80%	97.20%
Meáin Shóisialta	€0	€135,000	€135,000	0.00%	100.00%
Nuachtáin	<i>Bhí gach fógra ón FSS sna nuachtáin as Béarla (níor cuireadh in iúl dúinn cé mhéad a caitheadh orthu)</i>			0.00%	100.00%
	Postálacha as Gaeilge	Postálacha as Béarla	Méad Postálacha ina iomlán	% de na postálacha as Gaeilge	% de na postálacha as Béarla
Twitter	51	1108	1159	4.40%	95.60%
Facebook	7	203	210	3.33%	96.67%
Instagram	0	145	145	0.00%	100.00%

I measc na leithscéalta a thug an FSS ar cén fáth gur tharla seo cuireadh in iúl go soiléir nach raibh orthu níos mó a dhéanamh de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá cóip den litir ón FSS san áireamh sa chaint tosaigh iomlán mar eolas daoibh.

Ní hiad an FSS amháin a fhágann an Ghaeilge ar lár ach tarlaíonn sé an t-am ar fad ag ranna agus comhlachtaí stáit eile. Mar shampla, cé mhéad fógra raidió as Gaeilge a chuala tú riamh faoin mBreatimeacht nó faoi fheachtais náisiúnta eile? Is gá reachtaíocht anois leis an bhfadhb seo a leigheas agus táimid ag moladh go mbeidh ar gach comhlacht poiblí 20% dá chuid fógraíochta in aon bhliain ar leith, idir fhógraíocht thráchtála, fhógraíocht ar líne, fhógraíocht scríofa, fhógraíocht fuaime, fhógraíocht físe agus eile, a chur amach trí mheán na Gaeilge agus go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí 5% den fhógraíocht sin ar na meáin Ghaeilge. Samhlaigh an spreagadh agus an dea-theachtaireacht a thabharfadh seo do lucht labhartha na Gaeilge agus don phobal atá báúil don teanga.

Críochnóidh mé ansin a chairde maidir leis an mBille. Ba bhreá linn go dtacóidh sibh leis na leasuithe agus na moltaí atá againn don Bhille le cothromaíocht agus cothrom na féinne a chur ar fáil do phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta.

## 2. Maoiniú na Gaeilge agus na Gaeltachta

A Chathaoirligh, a Theachtaí Dála agus a Sheanadóirí, go raibh maith agaibh arís as an deis seo le labhairt faoi na hábhair rithábachtach seo. Ba mhaith linn díriú ar mhaoiniú don Ghaeilge agus don Ghaeltacht anois. Tá Conradh na Gaeilge tar éis feachtais a eagrú i bpáirt le 80 grúpa Gaeilge agus Gaeltachta ó 2016 le cothrom na féinne a bhaint amach i dtaobh maoinithe de.

Is cúis áthais dúinn a chur in iúl go bhfuil tar éis éirí linn an chéad méadú suntasach ar mhaoiniú a bhaint amach le fada an lá de thoradh ar bhrústocaireacht déanta ag pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ó 2016 ar aghaidh. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don Aire Catherine Martin, don Aire Stáit Jack Chambers agus do na baill den Chomhchoiste seo a chabhraigh linn leis an toradh seo a bhaint amach. Gealladh €20 milliúin nó níos mó san olltoghchán i 2020 agus tá €17.5 milliúin sa bhreis geallta anois do 2021.

Labhróidh Julian anois níos mó faoin maoiniú breise sin agus faoi dhá éileamh práinneach atá againn inniu don Chomhchoiste.




Táimid an-bhuíoch díobh arís as an deis seo le labhairt libh agus an uair seo ba mhaith liom díriú ar an maoiniú breise geallta ag an Rialtas don Ghaeilge agus don Ghaeltacht i 2021.

Is maith é go bhfuil maoiniú breise bainte amach, go háirithe don Ghaeltacht, idir maoiniú don phleanáil teanga sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, buiséad caipitil de €14.4 milliún d'Údarás na Gaeltachta le fostaíocht a chruthú i 2021, €3.5 milliún sa bhreis do TG4 agus eile. Is cinnte go mbeidh infheistíocht breise ag teastáil sa Ghaeltacht sna blianta os ár gcomhair ach aithníonn muid ag cuireann muid an-fháilte roimh an dul chun cinn déanta do 2021.

Aithníonn an Conradh chomh maith go bhfuil tús curtha leis na ciorruithe a rinneadh ar Fhoras na Gaeilge ó 2008 a chur ina cheart, ach tá obair mhór fós le déanamh chun tuilleadh maoinithe a bhaint amach a bheidh le leas na n-eagraíochtaí agus na dtionscadal uile a bhíonn ag plé leis an Fhoras. Fógraíodh €1.779 sa bhreis don Fhoras ach chuir Foras na Gaeilge in iúl dúinn le cúpla lá anuas go mbeidh €450,000 den airgead sin curtha ar leataobh do ghealltanais ó Rialtas na hÉireann don chomhaontú nua ó thuaidh. Ní fhágann sin ach thart ar €1.3 milliúin sa bhreis do líne buiséad Fhoras na Gaeilge. Is ionann sin agus 22% den mhaoiniú breise a bhí muid ag lorg do na tionscadail aontaithe ag an 80 grúpa Gaeilge agus Gaeltachta.

Tá cúpla príomhphointe a dhéanfainn faoi mhaoiniú Fhoras na Gaeilge:

- Tá gá le maoiniú sa bhreis d'Fhoras na Gaeilge. Ní leor €1.3 milliúin leis na tionscadail aontaithe ag 80 grúpa Gaeilge agus Gaeltachta a mhaoiniú i gceart
- Níl an soláthar de €1.3 milliúin cothrom nuair a tógtar san áireamh nár fuair Foras na Gaeilge aon ardú ina bhuiséad líne roimhe seo ó 2008. Fiú leis an ardú seo san áireamh, tá líne buiséad Fhoras na Gaeilge fós thíos 20% ar 2008 (agus thíos 45% ar 2008 nuair a thógtar boilsciú san áireamh).



- **Ba chóir, mar sin, sna meastacháin athbheithnithe breis maoinithe a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge. Bheadh sé an-chabhrach dá mbeadh an Comhchoiste seo sásta rún a rith ag tacú leis an éileamh seo**

Tá éileamh práinneach eile ag Conradh na Gaeilge, Glór na nGael agus ag an 22 grúpa den Scéim Phobal Gaeilge (SPG). Is í an Scéim Phobal Gaeilge an scéim atá maoinithe ag Foras na Gaeilge leis an nGaeilge a chur chun cinn sa phobal agus tá 22 grúpa ag fáil maoinithe ón scéim reatha rathúil seo. Tá an scéim reatha den SPG le teacht chun deireadh i lár na bliana seo chugainn agus anois an t-am, mar sin, le breis maoinithe a chur sa scéim. Ní féidir fanacht go dtí Cáinainéis 2022 nó 2023.

Táimid ag éileamh, mar sin, anois go bhfuil buiséad níos mó le bheith ag Foras na Gaeilge i 2021, mar thoradh ar bhrústocaireacht na ngrúpaí den SPG agus eile ar pholaiteoirí na tíre, go mbeidh ar a laghad €55,000 (agus ní €54,000 nó €53,000 nó níos lú ná sin) an ghrúpa curtha ar fáil chun go mbeidh na grúpaí in ann dul ar ais go fostaíocht 5 lá sa tseachtain in ionad 4 lá sa tseachtain, mar a bhí orthu a chur i bhfeidhm nuair a rinneadh ciorrú ar an scéim reatha i 2016. Seo ceann de na ciorruithe is suaracha a cuireadh i bhfeidhm ar obair na Gaeilge sa phobal riamh agus is gá é a aisiompú anois.

Chomh maith leis sin, ba mhaith linn deimhniú a fháil ó Fhoras na Gaeilge nach n-íseofaí aon bhuiséad d'aon ghrúpa le SPG i gceantar le Líonra Gaeilge nó Baile Seirbhíse Gaeltachta agus obair an SPG sin a chur i mbaol. Ní mór aon choinníoll nó bac a chuireann i gcoinne bhun-phrionsabail na pleanála teanga a chealú láithreach.

Tá sé tábhachtach a chur san áireamh go mbíodh am ann go mbíodh na grúpaí le SPG ag fáil thart ar €80,000 sa bhliain agus gur éileamh an-réasúnta é €55,000 an ghrúpa a lorg sa chéad scéim eile. Chomh maith leis sin, tá an t-éileamh seo ag teacht le formhór mór na freagraí a cuireadh isteach sa chomhairliúchán a d'eagraigh Foras na Gaeilge maidir leis an gcéad scéim eile den SPG níos luaithe sa bhliain.

Bheadh sé an-chabhrach, mar sin, dá mbeadh sibh sásta rún a rith le tacú leis an obair mhaith atá ar siúl ag na grúpaí le SPG agus éileamh ar an Aire Catherine Martin agus ar an Aire Stáit Jack Chambers seasamh isteach agus a chur in iúl go soiléir d'Fhoras na Gaeilge, anois go mbeidh airgead breise acu go cinnte i 2021, gur gá tosaíocht a dhéanamh san airgead breise sin le cur leis an líon grúpaí le SPG agus le:

- €55,000 a chinntiú do gach scéim sa SPG nua
- Cinntiú nach mbeidh aon idirdhealú maoinithe déanta ar SPG lonnaithe i gceantar le líonra Gaeilge nó baile seirbhíse Gaeltachta

Tá go leor leor de na gníomhairí teanga is gníomhaí sa phobal tar éis a chur in iúl dom, mar eolas, go bhfuil an-bhaol ann do sheasamh Fhoras na Gaeilge sa phobal mura fheidhmíonn siad ar an éileamh seo. Is beag seans go mbeidh siad ag iarraidh aon airgead sa bhreis a lorg don eagraíocht tras-teorann sa thodhchaí mura dhéanann siad tosaíocht don obair rithábhachtach atá ar siúl sa phobal ag na grúpaí den SPG. Beidh ceist ann an fearr meicníocht eile le maoiniú a dháileadh sa phobal.

Críochnóidh mé leis an dá éileamh sin, mar sin, don Chomhchoiste maidir le cúrsaí maoinithe – is iad sin an dá rún atáimid ag moladh daoibh ná:

- go n-aontaíonn an Comhchoiste gur chóir don Rialtas breis maoinithe a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge sna meastacháin athbhreithnithe do 2021 agus an éileamh seo a chur chuig na hAíreí cuí agus chuig an Taoiseach
- go dtacaíonn an Comhchoiste leis an obair atá ar siúl ag na grúpaí SPG sa phobal agus go n-iarrtar ar an Aire Catherine Martin agus ar an Aire Stáit Jack Chambers seasamh isteach agus a chur in iúl go soiléir d'Fhoras na Gaeilge, anois go mbeidh airgead breise acu go cinnte i 2021, gur gá tosaíocht a dhéanamh san airgead breise sin le cur leis an líon grúpaí le SPG agus le:
  - €55,000 a chinntiú do gach scéim sa SPG nua
  - Cinntiú nach mbeidh aon idirdhealú maoinithe déanta ar SPG lonnaithe i gceantar le líonra Gaeilge nó baile seirbhíse Gaeltachta

Arís, ba bhreá linn aon cheisteanna atá agaibh a fhreagairt.

Go raibh maith agaibh

**Eolas breise ar éilimh an 80 grúpa Gaeilge agus Gaeltachta ón bPlean Infheistíochta:**

**Plean le seirbhísí agus tacaíochtaí Gaeilge reatha agus nua a fhorbairt don phobal trí bhreis maoiniú a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge**

Réimse	Cúis tacaíochta	Maoiniú breise de dhíth	Maoiniú nua ag teastáil	Toradh
<b>1. Pleanáil Teanga sa phobal</b>	<b>Scéim Phobail Ghaeilge</b>	Cur go mór le cumas choistí pobail áitiúla leis an nGaeilge a fhorbairt ina gceantar féin le buiséad de €55,000 do gach SPG reatha agus do 10 SPG nua agus €15,000 do 10 nGrúpa ag tosú amach agus nach bhfuil réidh do SPG go fóill	€910,000	22 SPG maoinithe i gceart 10 SPG nua 10 nGrúpa maoinithe le forbairt
	<b>Lionraí Gaeilge</b>	Tacú leis an bpobal féin forbairt mar Líonra Gaeilge (pobal a úsáideann an Ghaeilge i ngach gné den saol atá lonnaithe taobh amuigh den Ghaeltacht)	€480,000	2 líonra ó thuaidh maoinithe & 4 líonra nua
	<b>Bailte Seirbhíse Gaeltachta</b>	Tacú leis an bpobal féin forbairt mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta lonnaithe lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht	€600,000	6 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta maoinithe
<b>2. Struchtúr, Fostaíocht agus Infreastructúr leis an nGaeilge a chur chun cinn sa phobal</b>	<b>Scéim do Lárionaid Ghaeilge</b>	Tacaíocht a chur ar fáil do 4 mhór-lárionad breise agus 15 lárionad eile níos lú le deontas a chabhróidh leo comhordaitheoirí a fhostú agus clár oibre a chur chun cinn	€1,000,000	19 Lárionad Gaeilge sa bhreis ar fud an oileáin
	<b>Comhairlí ó thuaidh</b>	Oifigigh Ghaeilge a pháirtmaoiniú le polasaithe agus seirbhísí Gaeilge a fhorbairt sna húdaráis áitiúil ó thuaidh.	€200,000	11 údarás áitiúil le hOifigigh Gaeilge
	<b>Ceanneagraíochtaí</b>	Maoiniú do na ceanneagraíochtaí a mhaoiníonn Fhoras na Gaeilge leis na ciorruithe a rinneadh orthu ó 2015 a aisiompú, leis na costais breise ó shin a mhaoiniú agus le fadhbanna eile a réiteach (thart ar 1 mhiliúin do seo). Bheadh maoiniú áirithe curtha ar fáil len iad a chumasú chun breis freastail a dhéanamh ar an bpobal chomh maith le tionscadail nua	€1,500,000	Acmhainní riachtanacha dá gclár oibreacha
<b>3. Tacaíocht d'fhoghlaim na Gaeilge sa phobal (lasmuigh den chóras oifigiúil oideachais)</b>	<b>Scoláireachtaí d'aoisigh</b>	Breis mhaoiniú do scoláireachtaí d'aoisigh, go háirithe le díriú, ar inimircigh, ar dhaoine faoi mhíbhuntáiste & Phrotastúnaigh ó thuaidh	€100,000	500 scoláireacht bhreise
	<b>Scoláireachtaí óga</b>	Breis mhaoiniú leis an scéim scoláireachta a leathnú amach chuig pobal iomlán na tíre, le béim ar leith orthu siúd atá faoi mhíbhuntáiste.	€250,000	300-1,000 scoláireacht bhreise do dhaoine óga
	<b>Scoláireachtaí teaghlaigh</b>	Breis mhaoiniú leis an scéim scoláireachta a leathnú amach chuig níos mó teaghlach ar fud na tíre	€50,000	50 Teaghlach breise (200 duine)
	<b>Scéimeanna Óga</b>	Breis mhaoiniú leis na ciorruithe a aisiompú agus le freastail ar níos mó campaí agus grúpaí óga	€400,000	Ciorruithe aisiompaithe 30 grúpa óga breise & 20 campa breise
<b>4. An Ghaeilge sna meáin</b>	<b>Meáin Ghaeilge</b>	Maoiniú do na meáin Ghaeilge a mhaoiníonn Fhoras na Gaeilge leis na ciorruithe a rinneadh orthu a aisiompú agus len iad a chumasú le níos mó dá gcláracha oibre a chur i gcríoch	€500,000	Acmhainní riachtanacha dá gclár oibreacha
<b>IOMLÁN DEN MHAOINIÚ BREISE AG TEASTÁIL</b>			<b>€5,990,000</b>	
3/4 ó Rialtas na hÉireann			<b>€4,492,500</b>	
1/4 ó Rialtas Thuaisceart Éireann			<b>€1,497,500</b>	



**Conradh**  
na Gaeilge

**Moltaí Chonradh na Gaeilge**

**Conradh na Gaeilge's recommendations**

**do**

**for the**

**Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú),  
2020**

**Official Languages (Amendment) Bill,  
2020**

DRAFT

**Samhain 2020**



## Leasuithe molta do Bhille na dTeangacha Oifigiúla 2020

---

Tá moltaí an Chonartha roinnte de réir 3 rannóg:

- A. Leasuithe do Bhille na dTeangacha Oifigiúla (leasú) 2019 – Leasuithe ar an mBille reatha
- B. Leasuithe d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 – Leasuithe ar an Acht nach bhfuil mar chuid de Bhille na dTeangacha Oifigiúla (leasú) 2019 nó leasuithe an Rialtais i mí Dheireadh Fómhair 2020
- C. Leasuithe do Bhille na dTeangacha Oifigiúla (leasú) 2019 – Leasuithe ar leasuithe an Rialtais (Deireadh Fómhair 2020)  
*\* Níl na leasuithe seo scríofa go fóill mar gheall nach bhfuil cóip i scríbhinn againn do na leasuithe a d’fhógair an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair*

DRÉACHT

## A. Leasuithe do Bhille na dTeangacha Oifigiúla (leasú) 2019 – Leasuithe ar an mBille reatha

- Nílimid ag moladh aon leasú ar na leasuithe molta ag an Rialtas in Alt 1, 2, 3, 5, 8, 9, 10, 11, 12, agus a 13
- Táimid ag moladh leasuithe ar na leasuithe molta ag an Rialtas in Alt 4, 6 agus a 7

ALT 4		
Ábhar:	Leasú molta:	Cén Fáth?
<p><b>Dualgas comhlachtaí poiblí maidir le hainmneacha, seoltaí agus teidil i nGaeilge</b></p>	<p>9A. (1) agus 9A. (2) a scriosadh agus leasaítear 9A. (3) trí</p> <p>“Cinnteoigh <b>gach</b> comhlacht poiblí go mbeidh na córais faisnéise agus chumarsáide, agus aon chórais eile (cibé acu córais leictreonacha nó eile), a úsáideann an comhlacht ina chumarsáidí leis an bpobal i gcoitinne, nó le haicme den phobal i gcoitinne, de réir mar is cuí, cumraithe ar mhodh lena gceadófar, leis na córais sin, ainm (lena n-áirítear foirm athartha nó foirm mháthartha an ainm <b>agus an síneadh fada ar ghuta sa Ghaeilge</b>), seoladh (<b>lena n-áirítear an síneadh fada ar ghuta sa Ghaeilge</b>) nó teideal duine seoladh (<b>lena n-áirítear an síneadh fada ar ghuta sa Ghaeilge</b>) i nGaeilge a thairgeadh agus a úsáid i gceart i ndáil leis na seirbhísí a thairgeann nó a sholáthraíonn an comhlacht <b>nach déanaí ná an 31 Nollaig 2025</b>”</p> <p>a chur in ionad</p> <p>“Cinnteoigh comhlacht poiblí a fhorordófar faoi fho-alt (1) go mbeidh na córais faisnéise agus chumarsáide, agus aon chórais eile (cibé acu córais leictreonacha nó eile), a úsáideann an comhlacht ina chumarsáidí leis an bpobal i gcoitinne, nó le haicme den phobal i gcoitinne, de réir mar is cuí, cumraithe ar mhodh lena gceadófar, leis na córais sin, ainm (lena n-áirítear foirm athartha nó foirm mháthartha an ainm), seoladh nó teideal duine i nGaeilge a thairgeadh agus a úsáid i gceart i ndáil leis na seirbhísí a thairgeann nó a sholáthraíonn an comhlacht, is seirbhísí ar ina leith a fhorordófar amhlaidh é.”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Moltar an leasú seo le cinntiú go dtiocfaidh gach comhlacht poiblí faoin dualgas seo le ligint do dhaoine a n-ainmneacha agus a seoltaí a úsáid i nGaeilge más mian leo.</li> <li>• Ní hamháin sin ach tá an leasú ag cinntiú go mbeidh an duine in ann síneadh fada a chur lena ainm, agus an bhrí chearta bhaineann leis a ainm a bheith san áireamh mar sin</li> <li>• Tuigtear nach féidir leis na córais faisnéise agus chumarsáide athrú thar oíche agus tá spriocdháta réasúnta de 2025 luaite mar sin do na comhlachtaí poiblí leis an sprioc seo a bhaint amach.</li> </ul>
<p><b>Dualgas comhlachtaí poiblí maidir le foirmeacha oifigiúla</b></p>	<p>9B. (1), 9B. (2), 9B. (3), 9B. (4), a scriosadh agus na hailt seo a leanas a chur ina n-áit:</p> <p><b>9B. (1) Maidir le foirm oifigiúil ar bith arna déanamh ag comhlacht poiblí, nó thar a cheann, a bheith le líonadh amach ag, nó thar ceann, duine, lena n-áirítear duine dlítheanach nach ball den Stát é, is i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh sí in ainneoin aon achtachán eile. I gcás foirm oifigiúil i nGaeilge agus i mBéarla araon,</b></p> <p>(i) beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús,</p> <p>(ii) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla agus sa chlófhoireann chéanna agus den chló céanna agus den stíl chéanna agus ar an taobh céanna den leathanach lena mbaineann,</p> <p>(iii) ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla,</p> <p>(iv) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl,</p> <p>(v) ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin,</p> <p>(vi) I gcás ordú logainmneacha faoi alt 32 a bheith i bhfeidhm de thuras na huair, déanfar an leagan Gaeilge den fhocal nó de na focail a shonraítear san ordú a úsáid in aon fhoirm oifigiúil.</p> <p><b>9B. (2) D’ainneoin ghinearáltacht an fho-ailt seo, más rud é go rachadh leagan dátheangach de fhoirm oifigiúil thar 8 leathanach,</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Moltar an leasú seo in ionad leasú an Rialtais mar go bhfuil leasú an Rialtais ag caint ar ligint de sholáthair éagsúla d’fhoirmeacha ag comhlachtaí poiblí éagsúla agus b’fhearr go mbeadh comóntacht agus cinnteacht ann maidir le foirmeacha ó gach comhlacht poiblí.</li> <li>• Chabhródh aon chóras amháin le soiléireacht do gach comhlacht poiblí.</li> <li>• Tá an leasú atá á mholadh againn ag caint faoi gach foirm a chur ar líne agus sábhálfaidh sin airgead in ionad na foirmeacha a chur i gcló.</li> <li>• Tá ár leasú níos soiléire faoi cén leagan amach ar chóir a bheith in úsáid i bhfoirmeacha, m.sh. go mbeadh an Ghaeilge agus an Bhéarla in aice len a chéile in aon fhoirm le níos lú ná 8 leathanach ann.</li> <li>• Beidh ár moladh níos oideachasúla agus mealltaí don phobal le Gaeilge agus dóibh</li> </ul>

	<p>féadfar 2 leagan den fhoirm oifigiúil chéanna chur ar fáil, ceann i nGaeilge agus ceann i mBéarla agus an fhaisnéis chéanna sa dá leagan araon, an dá leagan den chló agus den stíl chéanna leis an téacs den mhéad céanna gan ghiorrú sa téacs Gaeilge mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin agus beidh an ceart ag gach duine teacht a bheith aige nó aici chomh héasca céanna ar an leagan Gaeilge den fhoirm oifigiúil agus is féidir teacht ar an leagan Béarla agus cuirfear in iúl ar aghaidh gach foirme amhlaidh go bhfuil leagan di ar fáil sa teanga oifigiúil eile ach í a iarraidh.</p> <p>9B. (3) Beidh fáil ar gach foirm oifigiúil lena mbaineann an fo-alt seo ar líne i bhfoirm in-íoslódálaithe nó inchomhlónaithe ar líne.</p> <p>9B. (4) Tiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh ar an 1 Eanáir 2024 i dtaobh foirmeacha ar líne agus i dtaobh gach foirme a ndéanfar 1,000 cóip nó tuilleadh di a chló in aghaidh na bliana agus tiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh i dtaobh gach foirme eile nó i dtaobh aon aicme d'fhoirmeacha eile a bheidh forordaithe ag an Aire de thuras na huairé pé lá nó laethanta a fhoródh an tAire agus i gcás ar bith nach déanaí ná an 31 Nollaig 2030.</p>	<p>siúd ar spéis leo triail a bhaint as an teanga a úsáid mar go mbeidh an Ghaeilge agus an Béarla in aice le chéile agus beidh an duine ag líonadh na foirme in ann aon téarmaíocht a sheiceáil go héasca leis an teanga eile in aice lámha</p>
<p><b>Dualgas comhlachtaí poiblí maidir le lógónna</b></p>	<p>9C. (1) a leasú trí</p> <p>“Cinntoidh comhlacht poiblí, ar agus ó thosach feidhme an ailt seo, agus i gcás ar bith nach déanaí ná an 1 Eanáir 2024, i gcás go mbeidh a lógó á athnuachan nó á athrú aige, gur i nGaeilge nó i nBéarla araon a bheidh téacs is cuid den lógó nua nó den lógó athraithe.”</p> <p>a chur in ionad</p> <p>“Cinntoidh comhlacht poiblí, ar agus ó thosach feidhme an ailt seo, i gcás go mbeidh a lógó á athnuachan nó á athrú aige, gur i nGaeilge nó i nBéarla araon a bheidh téacs is cuid den lógó nua nó den lógó athraithe.”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Síleann muid go bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil go mbeidh spriocbhliain luaite gur gá go mbeadh an athnuachan nó athrú déanta faoi le cinnteacht a thabhairt go dtarlóidh sé i ngach comhlacht poiblí</li> </ul>
<p><b>Ainmneacha agus lógónna comhlachtaí reachtúla nuabhunaithe</b></p>	<p>9D. (1) a leasú trí</p> <p>“Maidir le hainm comhlachta reachtúil, seachas iadsan a luaitear sa chéad sceideal ag mír 1 (1), a bhunófar, ar agus ó thosach feidhme an ailt seo, agus i gcás ar bith nach déanaí ná an 1 Eanáir 2024, is i nGaeilge a bheidh sé”</p> <p>a chur in ionad</p> <p>“Maidir le hainm comhlachta reachtúil a bhunófar, ar agus ó thosach feidhme an ailt seo, is i nGaeilge nó i nBéarla araon a bheidh sé”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Le spreagadh a thabhairt do stádas agus íomhána teanga molann muid nach mbeadh ach ainmneacha as Gaeilge ar chomhlachtaí poiblí nua amach anseo</li> <li>• Ní bhíonn fadhb sa phobal le hainmneacha as Gaeilge má dhéantar simplí agus gairid iad, m.sh. Luas, Bus Éireann, srl..</li> <li>• Nuair atá leagan Gaeilge agus leagan Béarla den ainm ar chomhlacht stáit, de réir a chéile baintear úsáid as an leagan Béarla amháin, m.sh. Irish Water</li> </ul>
	<p>9D. (2) a leasú trí</p> <p>“Maidir le téacs is cuid de lógó comhlachta reachtúil seachas iadsan a luaitear sa chéad sceideal ag mír 1 (1), a bhunófar, ar agus ó thosach feidhme an ailt seo, agus i gcás ar bith nach déanaí ná an 1 Eanáir 2024, is i nGaeilge a bheidh sé.”</p> <p>a chur in ionad</p> <p>“Maidir le téacs is cuid de lógó comhlachta reachtúil a bhunófar, ar agus ó thosach feidhme an ailt seo, is i nGaeilge nó i nBéarla araon a bheidh sé”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bheadh an moladh seo ag teacht leis an leasú roimhe seo</li> </ul>

ALT 6

Ábhar:	Leasú molta:	Cén Fáth?
<p><b>Comhaltas an Choiste Chomhairligh</b></p> <p><b>Comhaltas an Choiste Chomhairligh</b></p>	<p>18B. (2) a leasú trí</p> <p>“Féachfaidh an tAire chuige gur duine le Gaeilge mhaith agus tuisicint mhaith ar chás na teanga a cheapfar mar Chathaoirleach neamhspleách agus nach mbeidh an té a cheaptar fostaithe san earnáil phoiblí,”</p> <p>a chur in ionad</p> <p>“Déanfaidh an tAire aon chomhalta amháin den Choiste Comhairleach a shainaimniú mar Chathaoirleach.</p> <p>18B. (3) (e) a leasú trí</p> <p>“aon chomhalta amháin a bheidh ainmnithe ag an Aire mar ionadaí do phobal na Gaeltachta”</p> <p>a chur in ionad</p> <p>“aon chomhalta amháin a bheidh ainmnithe ag an Aire mar ionadaí do limistéar Gaeltachta”</p> <p>18B. (3) a leasú tríd an t-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh 18B. (3) (e)</p> <p>“(f) aon chomhalta amháin a bheidh ainmnithe ag an Aire mar ionadaí do phobal na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Le muinín sa bhreis a spreagadh sa Choiste Chomhairligh nua seo, b’fhiú go mbeadh an cathaoirleach neamhspleách</li> <li>Bheadh deis anseo duine ón taobh amuigh le taithe faoi leith san ábhar seo a mhealladh le bheith páirteach san obair seo.</li> <li>Leasú beag molta anseo le cinntiú go dtuigfidh an duine ceaptha mar ionadaí ón nGaeltacht mar ionadaí don phobal Gaeltachta ina iomlán</li> <li>Tá sé scannalach nach mbeadh ionadaíocht ag duine ó phobal na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, go hairithe nuair atá ionadaíocht do phobal na Gaeltachta le bheith ann. Tá Acht na dTeangacha ann le freastail ar phobal iomlán na tíre agus níor chóir an pobal na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltachta a fhágáil ar lár mar sin</li> </ul>
<p><b>Feidhmeanna an Choiste Chomhairligh</b></p>	<p>18C. (1) (a) a leasú trí</p> <p>“a luaithe is féidir, agus i gcás ar bith nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2022, tar éis an lae bunaithe, Plean Náisiúnta (dá ngairtear an “Plean Náisiúnta” san Acht seo), maidir le soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge ar feadh tréimhse a bheidh sonraithe sa Phlean Náisiúnta (is tréimhse nach faide ná 6 bliana), a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú d’fhonn na nithe seo a leanas a dhéanamh”</p> <p>a chur in ionad</p> <p>“a luaithe is féidir tar éis an lae bunaithe, Plean Náisiúnta (dá ngairtear an “Plean Náisiúnta” san Acht seo), maidir le soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge ar feadh tréimhse a bheidh sonraithe sa Phlean Náisiúnta (is tréimhse nach faide ná 6 bliana), a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú d’fhonn na nithe seo a leanas a dhéanamh”</p> <p>18C. (3) a leasú trí</p> <p>“Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo, cinnteoidh an Coiste Comhairleach na cuspóirí seo a leanas—</p> <p>(a) go mbeidh gach seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta faoin 31 Nollaig 2030,</p> <p>agus</p> <p>(b) go méadófar líon na seirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí trí mheán na Gaeilge, ag féachaint go háirithe do sheirbhísí a</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leasú beag le cinntiú go mbeidh spriocdháta don phlean náisiúnta a fhoilsiú. Is leor tréimhse bliain go leith leis an gCoiste Comhairleach a bhunú agus an Plean Náisiúnta a chur le chéile</li> <li>Leasú ríthábhachtach anseo le cinntiú go mbeidh dáta leagtha síos le seirbhísí trí Ghaeilge ón Stát a chinntiú don chead uair ó a bunaíodh an Stáit</li> <li>Spreagfaidh an dáta seo muinín níos mó san Acht</li> </ul>

	<p>sholáthraíonn comhlachtaí poiblí i mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus i Líonraí Gaeilge,</p> <p>agus</p> <p>(c) go méadófar an líon foirne de chuid comhlachtaí poiblí atá inniúil i nGaeilge ionas go mbeidh, <b>faoin 31 Nollaig 2030</b>, 20 faoin gcéad ar a laghad den fhoireann a earcófar chuig comhlachtaí poiblí inniúil amhlaidh”</p> <p>a chur in ionad</p> <p>“Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo, beidh aird ag an gCoiste Comhairleach ar na cuspóirí seo a leanas—</p> <p>(a) na seirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí trí mheán na Gaeilge a mhéadú, ag féachaint go háirithe do sheirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, i mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus i Líonraí Gaeilge, agus</p> <p>(b) an líon foirne de chuid comhlachtaí poiblí atá inniúil i nGaeilge a mhéadú ionas go mbeidh, a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe, 20 faoin gcéad ar a laghad den fhoireann a earcófar chuig comhlachtaí poiblí inniúil amhlaidh”</p>	
<b>Dualgas an Aire i leith Plean Náisiúnta arna ullmhú faoi alt 18C</b>	<p>18D. (a) (ii) a leasú trí</p> <p>“an dáta ar ar chóir don Phlean Náisiúnta teacht i ngníomh, <b>agus i gcás ar bith dáta nach déanaí ná an 31 Nollaig 2022</b>, a shonrú, agus”</p> <p>a chur in ionad</p> <p>“an dáta ar ar chóir don Phlean Náisiúnta teacht i ngníomh a shonrú, agus”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leasú beag le cinntiú go mbeidh an Plean Náisiúnta ag feidhmiú faoi dheireadh 2022 ar a dhéanaí</li> </ul>
<b>Roinn an Taoisigh nó cé atá freagrach as an bplean náisiúnta a chur i bhfeidhm?</b>	<p>Cuir isteach ag deireadh alt 18D- “Is é an Taoiseach a bheidh freagrach as an bPlean Náisiúnta a chur i bhfeidhm.”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leasú le cinntiú go ,beidh duine i gceannas ar chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta</li> </ul>

### ALT 7

Ábhar:	Leasú molta:	Cén Fáth?
<b>Caighdeán teanga</b>	<p>19A. (3) (e) a leasú trí</p> <p>“scála ama ar laistigh de, <b>nach déanaí ná an 31 Nollaig 2030</b>, a thiocfaidh an Ghaeilge chun bheith mar an teanga oibre sna hoifigí, i limistéar Gaeltachta, de chuid comhlacht poiblí. <b>Déanfaidh an tAire caighdeán a bhunú taobh istigh de 6 mí d’achtú an Achta seo chun a chinntiú go mbeidh seirbhísí uile an Stáit ar fáil sa Ghaeltacht trí Ghaeilge roimh an 31 Nollaig 2030.</b>”</p> <p>a chur in ionad</p> <p>“scála ama ar laistigh de a thiocfaidh an Ghaeilge chun bheith mar an teanga oibre sna hoifigí, i limistéar Gaeltachta, de chuid comhlacht poiblí nó de chuid aicme comhlachtaí poiblí.”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leasú réasúnta anseo le cinntiú go mbeidh spriocbhliain de 2030 ar a dhéanaí ann go mbeidh teanga oibre sna hoifigí sa Ghaeltacht ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge</li> </ul>
	<p>19A. (4) (e) a leasú trí</p> <p>“a mhéid a fhéadfaidh seirbhís, clár nó beartas arna seachadadh nó arna sheachadadh nó arna cur i ngníomh nó arna chur i ngníomh, nó a bheidh le seachadadh nó le cur i ngníomh, ag comhlacht poiblí nó ag aicme comhlachtaí poiblí difear a dhéanamh don phobal i gcoitinne nó d’aicme den phobal i gcoitinne i mBaile Seirbhíse Gaeltachta nó i Líonra Gaeilge”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leasú tábhachtach anseo le cinntiú go mbeidh ar chomhlachtaí poiblí a fhreastalaíonn ar Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta mar chuid dá cheantar feidhme, seirbhísí iomláin i nGaeilge a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta</li> </ul>

	<p>(h) an sprioc gur gá go mbeidh comhlacht poiblí, a fhreastalaíonn ar Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta mar chuid dá cheantar feidhme, ag cur a chuid seirbhísí ar fad ar fáil i nGaeilge do phobal na Gaeltachta sa Limistéir Pleanála Teanga sin roimh an 31 Nollaig 2030.</p> <p>a chur in ionad</p> <p>“a mhéid a fhéadfaidh seirbhís, clár nó beartas arna seachadadh nó arna sheachadadh nó arna cur i ngníomh nó arna chur i ngníomh, nó a bheidh le seachadadh nó le cur i ngníomh, ag comhlacht poiblí nó ag aicme comhlachtaí poiblí dífear a dhéanamh don phobal i gcoitinne nó d’aicme den phobal i gcoitinne i Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta, i mBaile Seirbhíse Gaeltachta nó i Líonra Gaeilge, agus aird ar leith ar Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta,”</p>	<p>sa Limistéir Pleanála Teanga roimh dheireadh 2030</p>
--	--	--

DRÉACHT

## B. Leasuithe d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

– Leasuithe ar an Acht nach bhfuil mar chuid de Bhille na dTeangacha Oifigiúla (leasú) 2019 nó leasuithe an Rialtais i mí Dheireadh Fómhair 2020

LEASUITHE BREISE DON ACHT		
Ábhar:	Leasú molta:	Cén Fáth?
<b>Freagrachtaí Oifig an Choimisinéara Teanga</b>	<p><b>11.-</b> Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur i ndiaidh alt 21 (f) –</p> <p>“(g) iniúchadh a dhéanamh ar gach Bille a thionscnófar i dTithe an Oireachtais agus tuairisc a thabhairt ar an tionchar a imreoidh an Bille sin, má ritear é, ar stádas agus ar úsáid teangacha oifigiúla an Stáit agus foilseofar an tuairisc sin i Meabhrán Mínitheach an Bhille.</p> <p>(h) iniúchadh a dhéanamh ar gach straitéis de chuid an Stáit, an Rialtais nó aon chomhlachta poiblí i ndáil le stádas nó le húsáid teanga oifigiúla agus tuarascáil a thabhairt do gach Teach den Oireachtas go bliantúil maidir leis an gcéanna.”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Mar atá sa Bhreatain Bheag, ba chóir go mbeadh iniúchadh déanta ag an gCoimisinéir Teanga ó thaobh na teanga de ar reachtaíocht mholta agus ar aon straitéis poiblí a bhaineann le teanga oifigiúil a chur chun cinn m.sh. an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.</li> </ul>
<b>Fógraíocht</b>	<p>Cuir isteach tar éis alt 9(3):-[<i>Uimh. an fho-ailt le deimhniú</i>]</p> <p>“Déanfaidh gach comhlacht poiblí 20% dá chuid fógraíochta in aon bhliain ar leith, idir fhógraíocht thráchtála, fhógraíocht ar líne, fhógraíocht scríofa, fhógraíocht fuaime, fhógraíocht físe agus eile, trí mheán na Gaeilge agus déanfaidh gach comhlacht poiblí 5% dá chuid fógraíochta in aon bhliain ar leith amhlaidh ar na meáin Ghaeilge.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ba chóir go mbeadh 20% d’fhógraíocht déanta ag an aon chomhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge le, ar a laghad, 5% de sin, déanta sna meáin Ghaeilge</li> </ul>
<b>Fochonraitheoirí</b>	<p><b>13.-</b> (1) Leasaítear Chéad Scedeal den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur ag deireadh fo-mhír (2) -</p> <p>“(2A) aonán ar bith ag bheas ag feidhmiú de bhun conartha nó eile mar ghníomhaire thar ceann comhlachta poiblí ag comhlíonadh feidhmeanna an chomhlachta poiblí sin a mhéid is a bhaineann le comhlíonadh na bhfeidhmeanna áirithe sin amháin”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ba chóir go dtiocfadh gach comhlacht poiblí, agus gach feidhm de chuid an chomhlachta poiblí a bheidh idirghníomhaíocht ag an bpobal leis agus a roinntear ar chomhlacht eile, faoi réim an Achta go huathoibríoch, m.sh. Dublin Bikes</li> </ul>
<b>Impleachtaí ar neamhchomhlíonadh</b>	<p><b>10.-</b> Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt tar eis alt 19–</p> <p><i>“Urghairí i ndáil le sárúithe</i></p> <p><b>“19A. –(1)</b> I gcás go mainneoidh nó go ndiúltóidh nó go bhfaileoidh comhlacht poiblí déanamh de réir aon fhorála den Acht seo nó de réir aon fhorála de rialacháin arna ndéanamh de bhun an Achta seo, féadfaidh an Ard-Chúirt ar iarratas ón gCoimisinéir nó ó aon duine eile, cibé acu atá nó nach bhfuil leas ar leith sa mhainneachain sin nó sa diúltú sin nó sa bhfailliú sin ag an duine, a cheangal ar aon chomhlacht poiblí le hordú, aon ní a dhéanamh nó gan é a dhéanamh, nó scor d’aon ní a dhéanamh, de réir mar a bheidh, le déanamh de réir aon fhorála den Acht seo nó de réir aon fhorála de rialacháin arna ndéanamh de bhun an Achta seo amhlaidh, is ní is dóigh leis an gCúirt is gá, agus a shonróidh sí san ordú.</p> <p>(2) Is trí fhoríarratas a dhéanfar iarratas chuig an Ard-Chúirt ar ordú faoin alt seo agus féadfaidh an Chúirt, le linn di an ní a bhreithniú, cibé ordú eatramhach nó idirbheitheach (más ann) is cuí léi a dhéanamh.”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ba chóir ról a thabhairt don Choimisinéir agus don phobal maidir le cur i bhfeidhm ar aon dul leis an meicníocht urghaire faoi na hAchtanna Pleanála ó tharla an ghné láidir poiblí a bhaineann le reachtaíocht teanga. I gcás go mainneoidh nó go ndiúltóidh nó go bhfaileoidh comhlacht poiblí déanamh de réir aon fhorála den Acht seo nó de réir aon fhorála de rialacháin arna ndéanamh de bhun an Achta seo, féadfaidh an Ard-Chúirt ar iarratas ón gCoimisinéir nó ó aon duine eile, cibé acu atá nó nach bhfuil leas ar leith sa mhainneachain sin nó sa diúltú sin nó sa bhfailliú sin ag an duine, a cheangal ar aon chomhlacht poiblí le hordú, aon ní a dhéanamh nó gan é a dhéanamh de réir mar a bheidh, le déanamh de réir aon fhorála den Acht seo nó de réir aon fhorála de rialacháin arna ndéanamh de bhun an Achta seo amhlaidh, is ní is dóigh leis an gCúirt is gá, agus a shonróidh sí s*-an ordú</li> </ul>

<p><b>Ábhair margaíochta don phobal</b></p>	<p>9.- Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a chur in ionad alt 9(3): (3) I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis, lena n-áirítear ábhar margaíochta de chuid an chomhlachta poiblí, a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Níor chóir go mbeadh dreamanna ar nós An Post in ann dualgais de bhun alt 9 den Acht reatha a sheachaint maidir le hábhar margaíochta a cuirtear ar fáil don phobal mar gheall nach raibh na dualgais soiléir a ndóthain in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Má dhéanann comhlacht poiblí nó Roinn Rialtais teagmháil ar bith leis an bpobal ba chóir go mbeadh an teagmháil sin déanta go dátheangach nó i nGaeilge amháin agus níor chóir ligint d'eisceachtaí mar atá ann faoi láthair</li> </ul>
<p><b>Ceart Gaeilge a úsáid sa státseirbhís féin</b></p>	<p>Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 36 [Uimh. an ailt le deimhniú]:- “Baineann na cearta teanga a bhforáiltear dóibh san Acht seo leis le fostaithe comhlachtaí poiblí agus iad ag plé lena bhfostóir i gcúrsa a gcuid fostaíochta.”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ba chóir go mbeidh an ceart céanna ag aon duine ag obair sa státseirbhís lena gcuid oibre a dhéanamh leis an stát trí Ghaeilge. Mar shampla go mbeadh an próiseas ardú céime, an próiseas measúnaithe foirne, comhfhreagras inmheánach don fhoireann, srl. ar fáil i nGaeilge do na státseirbhísí le Gaeilge.</li> </ul>
<p><b>Boird Stáit</b></p>	<p>Cuirtear isteach tar éis alt 36 [Uimh. an ailt le deimhniú] “Agus baill bord stáit á n-ainmniú, cinnteoidh an tAire den Rialtas lena mbaineann go mbeidh ionadaíocht ar gach bord stáit thar ceann lucht labhartha na Gaeilge.”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Mar a dhéantar cinnte de ar bhoird stáit go mbíonn ionadaíocht sásúil ag fíor agus ag mná ar na boird, ba chóir go mbeadh cinnteacht ann go mbíonn ionadaíocht ann do dhaoine le Gaeilge ar gach bord chomh maith</li> </ul>
<p><b>Na bainc agus seirbhísí trí Ghaeilge</b></p>	<p>An chéad Sceideal a leasú tríd an méad seo a leanas a chur isteach tar éis mír (4):  “(4A) banc miondíola,”</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Éascóidh an leasú seo caighdeán do na bainc miondíola agus cinnteoidh sin seirbhísí trí Ghaeilge do phobal na Gaeltachta agus do dhaoine eile ar spéis leo na seirbhísí sin a fháil trí Ghaeilge</li> <li>Le tamall de bhlianta anuas tá an líon beag seirbhísí trí Ghaeilge atá ar fáil ó na bainc tar éis laghdú tuilleadh, m.sh. Tá Banc na hÉireann ag fáil réidh leis an rogha Ghaeilge ar na ATM agus níl aon rogha Ghaeilge ar fáil ar an teicneolaíocht nua atá in úsáid ag na bainc ar nós na aip fóin nó an bhancáil ar líne</li> </ul>



<p><b>Comharthaí Tráchta</b></p>	<p><b>7. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur i ndiaidh alt 9(1) -</b></p> <p><i>“Comharthaí tráchta</i></p> <p>9.- (1A) (a) San fo-alt seo—</p> <p>ciallaíonn “Acht 1961” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961 (Uimh. 24 de 1961); tá le “comharthaí tráchta” an bhrí chéanna atá leis in alt 95 (arna leasú le halt 37(a)(ii) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994 (Uimh. 7 de 1994)) d’Acht 1961</p> <p>(b) Baineann an fo-alt seo le comharthaí tráchta lena n-áirítear iad sin lena mbaineann Rialacháin faoi alt 95(2) d’Acht 1961 agus iad sin lena mbaineann ordachán faoi alt 95(16) den Acht sin.</p> <p>(c) Faoi réir fhorálacha an fho-ailt seo, maidir le haon chomhartha tráchta a chuirtear in airde in aon suíomh sa Stát is i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh sé in ainneoin aon achtacháin eile. I gcás comhartha tráchta i nGaeilge agus i mBéarla araon,</p> <p>(i) beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús,</p> <p>(ii) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla agus sa chlófhoireann chéanna agus den chló céanna agus den stíl chéanna,</p> <p>(iii) ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla,</p> <p>(iv) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl,</p> <p>(v) ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin,</p> <p>(vi) i gcás gurb ionann an téacs i nGaeilge agus an téacs i mBéarla nó gurb ionann logainm i nGaeilge agus i mBéarla is leor an leagan Gaeilge,</p> <p>(vii) d’ainneoin ghinearáltacht an fo-ailt seo, féadfar comharthaí tráchta a chur in airde ar comharthaí iad atá de réir Chóras Idirnáisiúnta na nAonad arna ghlacadh ag an <i>Bureau Internationale des poids et mesures</i>, arna bhunú leis an <i>Metre Convention</i> a síníodh i bPáras sa bhliain 1875, agus</p> <p>(viii) i gcás ordú logainmneacha faoi alt 32 a bheith i bhfeidhm de thuras na huaire, déanfar an leagan Gaeilge den fhocal nó de na focail a shonraítear san ordú a úsáid in aon chomharthaí tráchta a chuirtear in airde.</p> <p>(d) I gcás ina mbeartaítear comhartha tráchta i nGaeilge agus i mBéarla a shuíomh agus de thoradh téacs sa dá theanga sin a bheith ann go mbeadh sé ró-mhór nó go mbeadh sé deacair é a léamh nó gur dhócha go mbeadh sé ina chúis le bacainn, nó gur dhócha go mbeadh daoine, le linn é a léamh, ina mbaol dóibh féin nó do dhaoine eile, féadfar, ina ionad sin, 2 chomhartha a shuíomh ag an suíomh sin, agus an fhaisnéis lena mbaineann a bheith i nGaeilge ar cheann amháin díobh agus i mBéarla ar an gceann eile ach na forálacha i míreanna (c)(ii)-(viii) a bheith chomhlíonta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge ar aon chéim leis an mBéarla ar chomharthaí bóthair na hÉireann. Déantar seo sa Bhreatain Bheag, san Alban agus i dtíortha eile le breis is teanga oifigiúil amháin ar fud an domhain. Bhí an Tánaiste, Leo Varadkar, nuair a bhí sé ina Aire Iompair ar son an mholadh seo. Níl aon duine ag caint faoi na comharthaí a athrú thar oíche ach iad a athrú de réir is gur gá iad a athnuachan nó cinn nua a chrochadh. Ba chóir a chur san áireamh go léiríonn taighde a rinne Conradh na Gaeilge agus an tuarascáil a d’ullmhaigh an saineolaí Garth Reil go bhfuil go bhfuil an córas comharthaí bóthar reatha lochtach agus contúirteach de réir mar a théann tiománaithe in aois.</li> <li>Cinntepídh na forálacha seo go mbeidh na coinníollacha céanna i bhfeidhm ar chomharthaí tráchta agus atá ar chomharthaí eile de chuid comhlachtaí poiblí de bhun I.R. Uimh. 391 de 2008, go sonrach nach mbeidh an leagan Gaeilge níos lú ná giorraithe ná sa chló iodálach nó fágtha ar lár ar fad. Is faoin Aire Iompair a bheidh sé feidhm a thabhairt don fho-alt seo le heagrán nua den <i>Traffic Signs Manual</i>. De bharr an togra seo beidh comharthaí tráchta na hÉireann ar aon dul leis an dearadh i ndlínsí dátheangacha eile ar nós na hAlban agus glacadh le dearadh eiseamláireach Gareth Reil ag an gCoiste Uilepháirtí san Oireachtas roimhe seo.</li> </ul>
<p><b>Úsáid na Gaeilge san ionad oibre</b></p>	<p>Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 36 [Uimh. an ailt le deimhniú]:</p> <p><b>‘Cosc ar thoirmeasc ar Ghaeilge san ionad oibre</b></p> <p>37. - (1) Ní ceadmhach d’aon fhostóir cosc a chur ar aon fhostaí dá chuid an Ghaeilge a labhairt nó a scríobh nó an leagan Gaeilge de logainm Éireannach a rá nó a scríobh i gcúrsa a chuid fostaíochta nó a cuid fostaíochta ach i gcásanna ar leith ar ócáidí áirithe inar féidir leis an bhfostóir a chruthú go hoibíochtúil gur den riachtanas an cosc ar labhairt nó ar scríobh na Gaeilge go gcuirfí gnó an fhostóra i gcríoch.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Níor chóir go mbeadh cead cosc a chur ar úsáid na Gaeilge san ionad oibre. Is pleanáil teanga fíor-éifeachtach sa treo mí-cheart é ar gá á chosc má táimid le cur le húsáid na Gaeilge sa tsochaí seo.</li> </ul>

	(2) I gcás go gcinneann an Coimisinéir Teanga de bhun imscrúdú a reáchtálfar de bhun Chuid 4 gur sháraigh fostóir fo-alt (1) féadfaidh an Coimisinéir a ordú go n-íocfaidh an fostóir sin cúiteamh nach mó ná 5,000 euro leis an bhfostaí ar tharla an sárú sin ina thaobh nó ina taobh.’	
<b>Rabhaidh ar deochanna alcóil</b>	Cuir isteach tar éis alt 9(3): [ <i>Uimh. An fho-ailt le deimhniú</i> ]: “Faoi réir fhorálacha an fho-ailt seo, maidir le haon fhógra rabhaidh ar aon táirge a chuirtear ar an margadh sa Stát, is i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh sé in ainneoin aon achtacháin eile. I gcás na bhfógraí rabhaidh seo, (i) beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús, (x) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla agus sa chlófhoireann chéanna agus den chló céanna agus den stíl chéanna, (xi) ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla, maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl, (xiii) ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ba chóir go mbeidh na fógraí rabhaidh ar deochanna alcóil dátheangach faoi mar a dhéantar i dtíortha dátheangach eile.</li> </ul>
<b>Dlí agus Reachtáíocht</b>	In ionad alt 7 mar atá anois cuir: <b>Achtanna an Oireachtais</b> 7.- (1) Achtófar, clófar agus foilseofar gach Bille agus gach Acht den Oireachtas go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla. (2) Clófar agus foilseofar Riar na hOibre do gach Teach den Oireachtas agus an Iris Oifigiúil go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla. (3) Déanfar, clófar agus foilseofar gach ionstraim reachtúil lena mbaineann an tAcht Ionstraimí Reachtúla 1947 go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla.” (4) Tíocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2022. Ní choscann aon ní san alt seo Bille nó Acht a achtú, a chló nó a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla, Riar Oibre aon Tí den Oireachtas nó an Iris Oifigiúil a chló nó a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla, ionstraim reachtúil a dhéanamh, a chló nó a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla. <b>Riaradh an Cheartais</b> In alt 8, tar éis fo-alt (3), cuir isteach: “8.- (3A)-Tá dualgas ar gach cúirt, seachas an Chúirt Uachtarach ina suí mar Chúirt iomlán le gach breitheamh di ina suí, in aon imeachtaí sibhialta os a comhair, a chinntiú - (a) más Gaeilge an teanga atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith, go mbeidh gach breitheamh nó oifigeach eile a éistfidh na himeachtaí sin inniúil ar fhianaise agus aighneachtaí as Gaeilge a thuiscint gan chúnamh ó ateangaire; (b) más Béarla an teanga atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith, go mbeidh gach breitheamh nó oifigeach eile a éistfidh na himeachtaí sin inniúil ar fhianaise agus aighneachtaí as Béarla a thuiscint gan chúnamh ó ateangaire; agus (c) más Gaeilge agus Béarla ar aon na teangacha atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith, go mbeidh gach breitheamh nó oifigeach eile a éistfidh na himeachtaí sin inniúil ar fhianaise agus aighneachtaí as Gaeilge agus as Béarla ar aon a thuiscint gan chúnamh ó ateangaire.” “8.- (3B) Tá dualgas ar gach cúirt choiriúil, seachas an Chúirt Uachtarach ina suí mar Chúirt iomlán le gach breitheamh di ina suí, in aon triail nó achomharc os a comhair, a chinntiú -	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oibleagáid bille/achtanna an Oireachtais a rith go dátheangach seachas tiontú tánaisteach Gaeilge ar chur amach ar ball, má chuirtear.</li> <li>Faoi láthair achtaítear dlíthe an Aontais Eorpaigh (nach mbaineann an díolúine sealadach leo) as Gaeilge chomh maith leis an 23 teanga oifigiúil eile. Foilsítear Iris Oifigiúil an AE as Gaeilge (an méid nach mbaineann an maolú sealadach leis) chomh maith leis an 23 teanga oifigiúil eile.</li> <li>Tíocfaidh deireadh leis an maolú sealadach sin an 31.12.2021 agus achtófar agus foilseofar gach dlí den Aontas Eorpach as Gaeilge agus foilseofar Iris Oifigiúil an AE go hiomlán as Gaeilge chomh maith leis an teangacha oifigiúla eile. Ná fágfar an Ghaeilge le stádas níos ísle i bParlaimint na hÉireann ná mar atá aici i bParlaimint na hEorpa.</li> <li>Oibleagáid reachtúil go mbeadh breitheamh/breithiúna dátheangach(a) ag suí i gcás a mbíonn a chás á riaradh as Gaeilge ag ceann de na páirtithe seachas sa chás go mbíonn an Chúirt Uachtarach ina suí mar Chúirt iomlán .i. le gach breitheamh di ina suí.</li> <li>(iii) Oibleagáid cúisí a ionchúiseamh as Gaeilge más trí Ghaeilge a riarann sé a chosaint, gan dochar do</li> </ul>

	<p>(a) más Gaeilge an teanga atá roghnaithe ag an gcúisí a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith, go mbeidh gach breitheamh a éistfidh na himeachtaí sin, inniúil ar fhianaise agus aighneachtaí as Gaeilge a thuiscint gan chúnamh ó ateangaire;</p> <p>(b) más Béarla an teanga atá roghnaithe ag an gcúisí a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith, go mbeidh gach breitheamh a éistfidh na himeachtaí sin, inniúil ar fhianaise agus aighneachtaí as Béarla a thuiscint gan chúnamh ó ateangaire.”</p> <p>Cuir isteach tar éis fo-alt (4)</p> <p>“8. <del>(4A)</del> (a) Seolfar ionchúiseamh coiriúil sa teanga oifigiúil atá roghnaithe ag an gcúisí a úsáid sna himeachtaí agus más gá seolfar trialacha ar leith i gcás comhchúisithe chun an ceart seo a chur i bhfeidhm.</p> <p>(b) Más rud é nach roghnaíonn cúisí teanga oifigiúil ar leith a úsáid sna himeachtaí déanfaidh an t-ionchúisitheoir cibé teanga oifigiúil is dealraitheach dó a bheith réasúnach, ag féachaint do na himthosca, a úsáid sna himeachtaí.</p> <p>(c) Ní foláir don bhreitheamh a dtagann an cúisí os a chomhair i gcéadair an ceart seo a chur in iúl dó nó di.”</p> <p>Cuir isteach tar éis alt 8(6):-</p> <p>“8.- (7) - Tá dualgas ar gach cúirt in aon imeachtaí os a comhair, a chinntiú</p> <p>(a) más Gaeilge an teanga atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith go dtabharfar gach breithiúnas agus go ndréachtófar gach ordú sa chúis i nGaeilge;</p> <p>(b) más Béarla an teanga atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith go dtabharfar gach breithiúnas agus go ndréachtófar gach ordú sa chúis i mBéarla; agus</p> <p>(c) más Gaeilge agus Béarla ar aon na teangacha atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith go dtabharfar gach breithiúnas agus go ndréachtófar gach ordú sa chúis i nGaeilge agus i mBéarla ar aon.</p> <p>“8.(8) - I gcás suí cúirte laistigh den Ghaeltacht, seolfar na himeachtaí trí mheán na Gaeilge gan dochar do chearta aon pháirtí nó aon fhinné a rogha teanga a úsáid faoi réir na bhforálacha thuas.”</p>	<p>chearta finnétithe an Stáit a gcuid fianaise a thabhairt i dteanga eile. Tá an ceart ag cainteoirí Gearmáinise i gceantar Tirol Theas i dTuaisceart na hIodáile go gcúiseofaí as Gearmáinis iad.</p>
--	---	---



**Caoimhín Ó Cadhla**  
**Feidhmeannach Taighde & Anailíse**

Samhain, 2020

FOI/C612

A Chara

Tagraím don iarratais a rinne tú faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 ar thaifid atá i seilbh an chomhlachta seo . D'iarr tú a leanas I d'iarratas:

Óna thosaigh Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte ag cur fógraí raidió le chéile don éigeandáil coróinvíris agus thuas go dtí deireadh mí Mheán Fómhair:

- a) Cé mhéad fógra raidió éagsúil a cuireadh le chéile as Béarla agus cé mhéad fógraí raidió a cuireadh le chéile as Gaeilge maidir léi?
- b) Cé mhéad stáisiún raidió a cuireadh na fógraí Béarla chucu le craoladh agus cé mhéad stáisiún raidió a cuireadh na fógraí as Gaeilge chucu le craoladh?
- c) Cé mhéad uair a craolaíodh gach fógra raidió as Béarla ar an raidió agus cé mhéad uair a craolaíodh gach fógra as Gaeilge ar an raidió?
- d) Agus cé mhéad airgid a chaitheadh ar na fógraí raidió as Béarla agus cé mhéad airgid a chaitheadh ar na fógraí raidió as Gaeilge?

2. Óna thosaigh Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte ag cur fógraí teilifíse le chéile don éigeandáil coróinvíris agus thuas go dtí deireadh mí Mheán Fómhair:

- a) Cé mhéad fógra teilifíse éagsúil a cuireadh le chéile as Béarla? agus cé mhéad fógraí teilifíse a cuireadh le chéile as Gaeilge maidir léi?
- b) Cén stáisiún teilifíse a cuireadh na fógraí Béarla chucu le craoladh agus cén stáisiún teilifíse a cuireadh na fógraí as Gaeilge chucu le craoladh?
- c) Cé mhéad uair a craolaíodh gach fógra teilifíse as Béarla ar an teilifís briste síos de réir gach stáisiúin teilifíse agus cé mhéad uair a craolaíodh gach fógra teilifíse as Gaeilge ar an teilifís briste síos de réir gach cainéal teilifíse?
- d) Agus cé mhéad airgid a chaitheadh ar na fógraí teilifíse as Béarla a chur le chéile agus a chraoladh agus cé mhéad airgid a chaitheadh ar na fógraí teilifíse a chur le chéile agus a chraoladh as Gaeilge?

3. Óna thosaigh Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte ag cur post nó tvúit nó teachtaireachtaí eile faoin éigeandáil coróinvíris suas ar na meáin sóisialta agus thuas go dtí deireadh mí Mheán Fómhair:

- a) Cé mhéad post nó tvúit nó teachtaireachtaí eile fúithi a cuireadh amach as Béarla agus cé mhéad a cuireadh amach as Gaeilge ar na hardáin meán shóisialta a leanas, briste síos de réir ardáin:
  - i. Facebook;
  - ii. Twitter;
  - iii. Instagram;
  - iv. Tik Tok;
  - v. YouTube

b) Agus cé mhéad airgead a chaitheadh ar fhógraíocht as Béarla agus cé mhéad a caitheadh ar fhógraíocht as Gaeilge maidir leis an éigeandáil ar na hardáin meán shóisialta a leanas, briste síos de réir ardáin:

- i. Facebook;
- ii. Twitter;
- iii. Instagram;
- iv. Tik Tok;
- v. YouTube

4. Óna thosaigh Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte ag cur fógraí sna nuachtáin clóite agus ar na nuachtáin ar líne faoin éigeandáil coróinvíris agus thuas go dtí deireadh mí Mheán Fómhair: a) Cé mhéad fógra a cuireadh as Béarla sna nuachtáin clóite agus cé mhéad fógra a cuireadh as Gaeilge sna nuachtáin clóite? b) Cé mhéad fógra a cuireadh as Béarla sna nuachtáin ar líne agus cé mhéad fógra a cuireadh as Gaeilge sna nuachtáin ar líne?

Tá breith chríochnaitheach déanta agam anois chun rochtain ar na taifid seo a thabhairt duit.

Is iad FSS agus an Roinn Sláinte, le NPHE, a stiúraigh an freagra iomlán ar COVID-19, agus b'iad a stiúraigh an clár fairsing eolais poiblí, fógraíocht agus oideachais atá mar dhlúthchuid den fhreagairt sin.

Glactar leis gur cuid lárnach de phlean freagartha ráige aon tír ná cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal, éisteacht lena riachtanais agus comhairle sláinte atá beacht agus éasca a leanúint a chur ar fáil dóibh.

Baineann feachtais eolais poiblí COVID-19 úsáid as réimse cainéil cumarsáide, ina n-áirítear caidreamh leis na meáin, láithreáin gréasáin, na meáin sóisialta, fógraíocht chuardaigh, taispeántas digiteach, ábhar a sheoltar sa phost, ón baile (postaeir, cláir fógraíochta, teilgean, córais iompar), teilifís, físeáin ar éilimh, raidió agus fógraíocht fuaimhe dhigiteach, chun comhairle sláinte poiblí atá soiléir agus éasca a thuiscint agus a leanacht a chur ar fáil.

Déanann FSS agus an Roinn Sláinte taighde rialta leis an bpobal chun a fháil amach ar thuig said an t-eolas agus cén dearcadh a bhí acu faoin eolas agus mar atá cúrsaí faoi láthair. Is féidir teachtaireachtaí nó ábhar nua a fhorbairt de réir an aiseolas seo. Tuairiscítear leibhéil arda sástachta i gcónaí le cumarsáidí FSS inár gcuid taighde.

Tá sé tábhachtach freisin tagairt a dhéanamh den tacaíocht a thug gach earnáil sa sochaí dár gclár cumarsáide. Tháinig sé seo ón Rialtas, ó sheirbhísí poiblí eile, agus ó eagraíochtaí agus gnóthaí príobháideacha.

Táimid buíoch do gach duine a chabhraigh chun an comhairle sláinte criticiúil seo a chruthú, a fhoilsiú agus a roinnt ag an am seo, agus tá áthas orainn go bhfuil muintín agus comhoibriú an phobail againn agus go bhfuiltear ag gníomhú mar is cóir chun srian a chur leis an víreas agus daoine a chosaint.

Le linn na tréimhse eisceachtúil seo atá ag síor-athrú agus muid ag déileáil le ráig an choróinvíris, thug muid faoin obair fógraíochta agus cumarsáide agus muid faoi bhrú mór ama, ach ag déanamh íarracht a bheith chomh uilechuimsitheach agus a d'fhéadfadh muid maidir le teangacha agus formáidí inrochtanacha do dhaoine le riachtanais éagsúla.

Tá réimse leathan d'ábhar forbartha againn, atá oiriúnach do lucht féachana éagsúla agus do dhaoine le riachtanais éagsúla agus faoi chúinsí éagsúla; áirítear leis seo faisnéis i réimse teangacha, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, Braille, seirbhís fuaimhe, seirbhís atá éasca a léamh agus cló mór. Chinntíomar go bhfuil ár ndualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus na hAchtanna Míchumas á gcomhlíonadh againn.

Ba é cuspóir na meáin atá íoctha ag FSS, lena n-áirítear Teilifís agus Raidió, le linn ráig COVID-19 ná an oiread agus is féidir den daonra a chur ar an eolas, maidir le teachtaireachtaí sláinte poiblí atá ríthábhachtach agus a bhíonn ag síor-athrú. Is é ár ndualgas freisin luach maith ar airgead a chinntiú agus cistí poiblí á n-úsáid nuair a bhíonn cumarsáid á úsáid chun sláinte an phobail a chosaint. Agus muid ag roghnú cainéil chun an méid seo a bhaint amach, glacann muid le comhairle ó ghníomhaireachtaí meáin faoi na cainéil a úsáideann grúpaí éagsúla den phobal, agus na costais a ghabhann leo. Tá na cinntí a dhéanaimid bunaithe ar an taithí leathan atá againn ag stiúradh feachtais margaíochta sóisialta agus feachtais eolais poiblí do dhaoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn.

Chruthaigh muid leaganacha éagsúla dár bhfógraíocht i nGaeilge agus chuir muid ar na meáin Gaeilge iad. Bhreathnaigh muid ar fhógraí Teilifíse agus Raidió as Gaeilge a chur ar na meáin Béarla, ach fuarthas amach go gcuirfeadh sé leis an gcostas de bharr go raibh na leaganacha Gaeilge níos faide ná na leaganacha Béarla agus go dteastódh plean ceannaigh ar leith do na meáin len' aghaidh seo. Dá bharr seo agus an oiread teachtaireachtaí a bhíonn á seoladh againn, agus de bharr nach bhfuil an fhoráil seo leagtha amach sna dualgais atá ar FSS faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, rinneadh an cinneadh gan seo a dhéanamh agus an luach is fearr a fháil ar cheannach le linn na tréimhse ghéarchéime seo.

### **Fógraíocht Raidió**

Suas go dtí deireadh mhí Meán Fómhair 2020, chruthaigh FSS 10 bhfógra raidió maidir le COVID-19. D'aistríomar aon cheann amháin de na fógraí raidió seo go Gaeilge.

Bhí na fógraí raidió as Béarla ar 36 stáisiún raidió náisiúnta agus áitiúil. Chomh maith leis sin, rinneamar fógraíocht ar 21 stáisiún raidió pobail. Chraol Radio na Life 100% den bhfógra as Gaeilge nuair a soláthraíodh fógra as Gaeilge dóibh le linn mí Lúnasa. Bhí meascán de na leaganacha Béarla agus Gaeilge á craoladh ag na 20 stáisiún raidió pobail eile. Craoladh 35% de na fógraí ar na raidió pobail as Gaeilge. Rinne FSS fiosrúcháin maidir le fógraí raidió FSS a chraoladh ar Raidió na Gaeltachta ach cuireadh in iúl dúinn nach bhfuil a gcuid ama craolta ar fáil ar bhun tráchtála do lucht fógraíochta a íocann táille amhail FSS.

Ní thomhaistear an fhógraíocht Raidió de réir uaireanta craolta ach de réir an líon daoine a chloiseann na fógraí; cuirtear in áirithint iad mar spotaí raidió. Bhí 13% de líon iomlán de na spotaí raidió as Gaeilge agus dá bharr sin bhí 13% den am raidió iomlán ag fógraí as Gaeilge.

Ba é an costas iomlán do FSS ar fhógraí raidió a cheannach ó Mhárta – Meán Fómhair ná €1,007,000. Chosain raidió pobail €16,000 den méid sin. Ó tharla gur craoladh 35% de na fógraí as Gaeilge, is ionann an caiteachas sin agus €5,600. Dá bhrí sin bristear sios an chaiteachas mar €5,600 ar fhógraíocht raidió as Gaeilge agus €1,001,400 ar fhógraíocht raidió as Béarla.

### **Fógraíocht Teilifíse**

Chruthaigh FnaSS 9 bhfógraí Teilifíse maidir le COVID-19, go deireadh Meán Fómhair 2020. Aistríodh 7 gcinn de na fógraí Teilifíse seo go Gaeilge. Craoladh iad ar 46 stáisiún ina iomláine, TG4 ina measc. Ba TG4 an t-aon stáisiún a chraol an leagan Gaeilge de na fógraí.

Ní thomhaistear an fhógraíocht Teilifíse de réir uaireanta craolta ach tomhaistear iad de réir an líon daoine a fheiceann na fógraí. Úsáidtear na rátaí den lucht féachana Teilifíse chun na pleananna meáin a thomhais. B'ionann na fógraí maidir le COVID-19 a ceannaíodh ar TG4 agus 3% den ráta lucht féachana Teilifíse. Is 2% den lucht féachana a bhíonn ag TG4 sa stat.

Ba é an costas iomlán do FSS ar fhógraíocht teilifíse a cheannach ó Mhárta – Meán Fómhair ná €1,394,000; caitheadh €39,000 den mhéid sin ar TG4.

### Na Meáin Sóisialta

San áireamh ó bhfeachtas COVID-19 FSS bhí postálacha a ceannaíodh ar na meáin sóisialta agus cinn orgánacha (nár íocadh astu) ar ardáin éagsúla sna meáin sóisialta. Tá an líon postálacha go dtí deireadh Mheán Fómhair leagtha amach thíos. Níor chraol FSS aon fhógra íoctha ar TikTok ná ar YouTube le linn na tréimhse seo.

	Postálacha as Béarla	Postálacha as Gaeilge
Twitter	1,108	51
Facebook	203	7
Instagram	145	0

Níor íoc FSS as postálacha as Gaeilge le linn na tréimhse seo. Caitheadh timpeall €135,000 ar Facebook agus Instagram.

### Na meáin chlóite

Cuireadh fógraí sna nuachtáin náisiúnta agus áitiúla faoi 5 ábhar éagsúil: Comhairle maidir le COVID-19 a chosc, Comharthaí Tinnis, Cocúnú, Clúdaigh Aghaidhe agus an Aip Rianaithe COVID. Níor cuireadh aon fhógra as Gaeilge sna nuachtáin. Níor cuireadh aon fhógra as Gaeilge sna nuachtáin ar líne.

Chomh maith leis an bhfógraíocht thuas, d'aistrigh FSS 67 leathanach d'ábhar a bhaineann le coróinvíreas a foilsíodh ar HSE.ie. Rinneadh 8,856 amharc leathanaigh ar an ábhar as Gaeilge ó foilsíodh é. Rinneadh 26.2 milliún amharc leathanaigh ar an ábhar as Béarla faoin gcoróinvíreas ó foilsíodh é.

D'aistrigh FSS an aip Rianaithe COVID ionas gur féidir le daoine a bhfuil Gaeilge roghnaithe acu mar theanga ar a bhfón rochtain a fháil ar an aip i nGaeilge.

Táimid sásta glacadh le h-aon aiseolas maidir leis an bhfeachtas cumarsáide ar COVID-19, agus oibriú le gach grúpa sa tsochaí lena chinntiú go bhfuil gach duine á chuimsiú agus go sroicheadh muid an oiread daoine agus is féidir.

### Ceart Achomhairc

Maidir leis an cinneadh seo féadfaidh tú achomharc a dhéanamh. Sa chás go gcaithfidh tú é sin a dhéanamh, beidh ort litir a scríobh chuig Príomh-Oifig Náisiúnta FSS, FOL, DP agus Bainistíocht Taifead, Foirgneamh Scott, Campas Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Bóthar an Ardáin, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí. Beidh táille de €30 de dhíth chun an achomharc a phróiseáil. Ba cheart íocaíocht a dhéanamh trí dhréacht bhainc, ordú airgid, ordú poist nó seic pearsanta iníoctha do Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá 4 seachtaine ó dháta an fhógra seo agat chun an achomharc a dhéanamh. Féadfar achomharc déanach a dhéanamh in imthosca cuí. Chun sin a phróiseáil beidh athbhreithniú iomlán le déanamh ag ball níos sinsearaí d'fhoireann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Is mise,

Mary Brodie  
Cinnteoir FOI  
Rannóg Cumarsáide

